An Timpeallacht Gheilleagrach

Ta maolú suntasach tagtha ar luas an mheatha sa ghníomhaíocht gheilleagrach ón Earrach seo caite. Dealraíonn se go bhfuil an geilleagar gar d'íosphointe an choir chun donais, i dtéarmaí aschuir, cé go mairfidh laige éigin ar aghaidh sa chéad leath den bhliain seo, agus is cosúil go mbeidh tuilleadh caillteanas fostaíochta ann. Is cosúil go dtarlóidh an téarnamh, nuair a thagann sé chun cinn, de réir a chéile agus nach mbeidh ach téarnamh measartha ann. Cuirfidh díscaoileadh na míchothromaiochtaí a cruthaíodh le linn an bhorrtha srian i gcónaí ar ghníomhaíocht gheilleagrach go ceann i bhfad, rud a thugann le tuiscint go dtógfaidh sé roinnt ama go dtí go dtiocfaidh téarnamh a mbeadh bonn níos leithne faoi chun cinn. Tá tús maith curtha leis an obair, go háirithe i dtaca le bearta buiséadacha, ach brathfaidh téarnamh dá leithéid freisin ar dhul chun cinn breise a dhéanamh chun na dúshláin bhuiséadacha agus na dúshláin gheilleagracha agus airgeadais níos leithne atá os comhair na hÉireann a shárú. Beidh sé rí-thábhachtach freisin caillteanais in iomaíochas pá a aisiompú: os rud é go raibh an praghasleibéal ag titim i rith 2009 ciallaíonn sé seo go gcaithfear roinnt laghduithe i bpá ainmniúil a dhéanamh, mar atá á ndéanamh cheana féin in áiteanna san earnail phoiblí maraon leis an earnáil phríobháideach.

Cé nach bhfuil sonraí don ráithe dheiridh de 2009 ar fáil fós, meastar gur tháing meath de thimpeall 11 faoin gcéad i dtéarmaí OTN ar ioncam comhiomlán sa gheilleagar anuraidh, tar éis dó titim rud beag faoi bhun 3 faoin gcéad sa bhliain 2008. Tugann éifeachtaí iarmhartacha, agus an cosúlacht go bhféadfadh laigí sa ghníomhaiocht gheilleagrach leanúint ar aghaidh sa chéad leath den bhliain seo, le tuiscint gur féidir bheith ag súil le meánchrapadh bliantúil eile a bheidh beagáinín os cionn 2 faoin gcéad do 2010 ina iomláine. I gcomparáid leis an tréimhse chomhfhreagrach de 2009, áfach, táthar ag súil go bhfillfidh fás dearfach, ar bhonn bliantúil, ón dara leath den bhliain seo, agus don bhliain ina iomláine i 2011. Is cosuil go mbeidh fás measartha ann an bhliain seo chugainn, áfach, b'fhéidir sa réimse ó 2½ go 3 faoin gcéad. Léirigh cuid den titim ghéar san OTN méadú in eis-sreafaí glanioncam fáchtóirí fad is a lean an t-aschur i ngnólachtaí faoi úineireacht eachtranach — agus, dá bhrí sin cur abhaile a gcuid brabúis — athléimneach. Idir an dá linn mhéadaigh eis-sreafaí d'íocaíochtaí úis agus thit insreabhadh na dtuilleamh ó chomhlachtaí Éireannacha atá lonnaithe thar lear. Ní raibh an titim san OTI chomh géar (7 faoin gcéad sa bhliain 2009), rud a ríomhtar beag beann ar shreafaí fachtóirí.

Fillfear ar fhás dearfach de réir mar a éiríonn an spreagadh seachtrach don ghníomhaíocht níos troime ná tionchar na dtosca intíre atá ag maolú ach atá i gcónaí diúltach. I dtús báire, beidh tionchar ag neart and inbhuanaitheacht an téarnaimh sa gheilleagar dhomhanda ar an téarnamh i ngeilleagar na hÉireann. Go dtí seo, tá téarnamh níos fearr tagtha ar an ngeilleagar domhanda sa dara leath de 2009 ná mar bhíothas ag súil leis roimhe sin, agus mar thoradh air seo bhíothas agus táthar fós ag leasú na réamhaisnéisí fáis domhanda in airde don bhliain 2010. Cé gur rud dearfach é seo, tá an téarnamh ar fud na mórgheilleagar tionsclaithe i gcónaí beagáinín leochaileach agus míchothrom. Thairis sin, táthar buartha go bhfuil an téarnamh domhanda atá ag teacht chun cinn ag brath chomh mór sin ar spreagadh toirtiúil fioscach agus airgeadaíochta agus ar thosca sealadacha eile. D'ainneoin sin, áfach, tá na príomhghníomhaireachtaí tuartha idirnáisiúnta ar aon intinn go bhfuiltear ag súil go leathnóidh an ghníomhaíocht go measartha i bpriomhmhargaí easpórtála na hÉireann i mbliana, tar éis di crapadh go géar sa bhliain 2009.

In aghaidh an chúlra seo, táthar ag tuar go bhfásfaidh onnmhairí beagán sa bhliain 2010.

Ce go raibh feidhmiú foriomlán onnmhairí níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis le linn an choir chun donais, bhí difríocht mhór idir na torthaí sna hearnálacha éagsúla agus cruthaigh laige na gníomhaíochta geilleagraí sa RA maraon leis an titim i luach steirling timpeallacht an-dúshlánach do ghnólachtaí a bhí ag díriú ar an margadh sin. I gcoitinne, cuireann neartú luach an euro béim ar an sprioc ríthábhachtach, iomaíochas a fheabhsú chun buntacú le feidhmiú onnmhairí.

Cé go bhfuil an t-ionchas don éileamh intíre i gcoitinne lagbhrioch i gcónaí, is cosúil go mbeidh difríocht shuntasach sa chaoi a fheidhmíonn na comhpháirteanna éagsúla. Tá an cuma ar an scéal go dtiocfaidh deireadh de réir a chéile leis an gcrapadh i gcaiteachas tomhaltóirí ach fanann an t-ionchas d'infheistíocht lag, fad is atá an coigeartú leanúnach ar siúl in earnáil na foirgníochta. Maidir le caiteachas tomhaltóirí, tugann an treocht sna priomhtháscairi le tuiscint go mbeidh cobhsú éigin ann. Cé go bhfuil cosúlacht réasunta ann go bhfillfear ar fhás i gcaiteachas tomhaltóirí am éigin i rith 2010, tá an cuma ar an scéal go dtitfidh caiteachas tomhaltóirí don bhliain ina iomláine. Tráth a bhfuil ioncaim theaghlaigh i gcónai faoi bhrú, feabhas tagtha ar mhuinín tomhaltóirí ach í i gcónaí lagbhríoch agus fonn ar theaghlaigh fiacha a aisíoc, is cosúil go mbeidh an téarnamh i gcaiteachas tomhaltóirí, a tharlóidh faoi dheireadh, mall agus céimseach. Treisíonn treochtaí i margadh an tsaothair an dearcadh seo agus is cosúla go gciallaíonn an luasmhoilliú san ardú i ráta na dífhostaíochta go bhfuil eisimirce ag méadú agus go bhfuil rannpháirtiocht san lucht oibre ag laghdú, seachas fianaise go bhfuil feabhas bunúsach ag teacht ar threochtaí na fostaíochta. D'fhéadfadh claonadh a bheith ag na tosca deireanacha seo srian a chur leis an ardú sa ráta dífhostaiochta i mbliana. D'fhéadfadh eisimirce agus rannpháirtíocht níos ísle san fhórsa saothair teorainn a chur leis an méadú sa ráta seo dífhostaíochta i mbliana, ráta a d'fhéadfadh méadú beagáinín níos lú anois, go dtí 13½ faoin gcéad ar an meán, d'ainneoin go mbeidh titim ionchasach de thimpeall 3¾ faoin gcéad san fhostaíocht.

Tríd is tríd, tá an t-ionchas i gcónaí dúshlánach sa gharthéarma. Mar sin féin, i dtéarmaí na hacmhainneachta meántéarmaí, tá láidreachtaí tábhachtacha éigin fós ag an ngeilleagar — amhail céim shuntasach solúbthachta agus fórsa saothair ard-oilte, ard-sciliúil. Má cuirtear leis na láidreachtaí seo agus má leantar ar aghaidh ag treisiú solúbthacht agus inoiriúnaitheacht an gheilleagair, cuideoidh sé seo chun a chinntiu go bhfillfear ar rátaí réasúnta fáis sa mheantéarma. Tá acmhainneacht fáis mheántearmach gheilleagar na hÉireann i gcónai cuíosach fabhrach de réir na gcaighdeán i ngeilleagar forbartha Eorpach. Brathfaidh ár gcumas chun an acmhainneacht seo a aimsiú, áfach, ar an gcaoi ina n-éiríonn linn na dúshláin reatha atá os ár gcomhair anois a shárú.

Baineann na dúshláin seo le bainistiú leanúnach an airgeadais phoiblí, le comhdhlúthú nios mó a dhéanamh ar chobhsú earnáil na baincéireachta agus le feabhsú iomaiochas an gheilleagair. Tá dul chun cinn mór déanta maidir le cobhsú an airgeadais phoiblí ó foilsíodh an Fhaisnéis Ráithiúil dheireanach. Tá sé mar aidhm ag na bearta a glacadh sa Cháinaisnéis teorainn de 11.6 faoin gcéad den OTI i 2010 a chur le hEasnamh Ginearálta an Rialtais. De bhreis ar éifeachtaí ioncaim na méaduithe cánach a tugadh isteach roimhe seo, déanfar é seo trí leas a bhaint go háirithe as laghduithe i gcaiteachas. Tá an cur chuige seo ar aon dul le fianaise idirnáisiúnta gurb é seo an modh is fearr chun dul i ngleic le heasnaimh bhuiséadacha. Léiríonn sé freisin na ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí a bhí ag Éirinn féin agus í ag dul i ngleic leis an riocht fioscach ag deireadh na 1970idí agus i dtús na 1980idí. Tríd is tríd, is ionann na bearta sa Cháinaisnéis chun caiteachas a laghdú agus thart ar €4 billiún, cé go mbeidh an glanfhigiúr beagáinín níos ísle ag timpeall €3.2 billiún, nuair a cuirtear fáltais níos ísle ó chánacha dá éis san áireamh. Toisc go n-admhaionn an Rialtas gur fiachas struchtúrach agus nach fiachas timthriallach atá i gcuid mhaith den bhfiachas fioscach tá sé tugtha le tuiscint fresin aige go bhfuil sé ar intinn aige bearta breise comhdhlúthaithe de €6.5 billiún a chur i gcrích sna ceithre bliana 2011 go 2014 go huile chun an t-easnamh a thabhairt faoi bhun teorann 3 faoin gcéad an Chomhaontú

Cobhsaíochta agus Fáis. Caithfear a chinntiú go gcuirfear an straitéis chomhdhlúthaithe mheántéarmach, atá leagtha amach chun an t-easnamh a laghdú de réir a chéile sna blianta atá le teacht, i gcrích.

Léiríonn scála an choigeartaithe atá riachtanach gur fhás caiteachas poiblí go tapa i rith bhlianta an bhorrtha arna mhaoiniú ag fáltais láidre a bhain le hearnálacha na réadmhaoine agus na foirgníochta. Is léir anois gur gá pátrúin ioncaim agus caiteachais a choigeartú go han tapa chuig samhail níos inbhuanaithe. Ar thaobh an chánachais, tá bonn cánach níos leithne a bheidh níos cobhsaí agus níos iontaofa le himeacht aimsire riachtanach chun é seo a dhéanamh. Mar chuid de na coigeartuithe go dti seo, méadaíodh rátaí imeallacha cáin ioncaim. Cé nach mbeadh sé mar thoradh ar an ardú sna rátaí seo go dtí seo nach mbeadh Éire ar aon dul le mórán geilleagar sárfhorbartha, ní féidir le rátaí dá leithéid dul ró-ard gan drochthionchair dhídhreasacha a bheith acu. Tá scóip ann chun an bonn cánach a leathnú a thuilleadh, áfach, mar shampla, trí dhíolúintí ó cháin ioncaim a theorannú agus, trí chóras cánach réadmhaoine a thabhairt isteach rud a déantar de gháth i gcuid mhaith geilleagar forbartha. Fiú má cuirtear aon athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh don chóras cánach san áireamh, áfach, is cosúil go gcaithfidh cuid mhaith den ualach a bhainfeadh le coigeartú breise a bheith ar thaobh an chaiteachais agus ina leith sin, cuireann 'Tuarascáil an Ghrúpa Speisialta ar Uimhreacha na Seirbhíse Poiblí agus Cláir Chaiteachais' creat luachmhar ar fáil. Go háirithe, ba chóir go n-imreodh leasú sholáthar seirbhísí poiblí ról lárnach. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear níos mó solúbthachta a thabhairt isteach maidir le nósanna imeachta oibre agus le hathimscaradh acmhainní ionas gur féidir soláthar seirbhísí a choimeád ar bun, chomh fada agus is féidir, fad is atáthar ag isliú costais. Ar thaobh an ioncaim, chun fáltais a ardú agus chun an t-éileamh ar sholáthar seirbhísi a bhainistiú, tá sé tábhachtach bogadh i dtreo an phrionsabail 'ioc mar a úsáidtear'.

Má bhreathnaítear anois ar earnáil na baincéireachta, ainneoin go bhfuil feabhas éigin tagtha ar na dálaí sna margaí airgeadais domhanda, tá an timpeallacht oibre do bhainc na hÉireann an-dúshlánach i gcónaí. Léiríodh an ghéarchéim airgeadais ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear coinníollacha maoinithe níos teinne do bhainc na hÉireann, ardú géár i gcaillteanais tabhaithe agus ionchasacha ar iasachtaí, agus lagú (go háirithe sa chéad leath de 2009) sa bhraistint idirnáisiúnta a bhí ann maidir le córas baincéireachta na hÉireann. D'fhéadfadh iarmhairtí díreacha agus indíreacha a bheith ag na nithe seo go léir a bheadh suntasach don bhfíorgheilleagar. Mar fhreagra air seo, thug an Rialtas réimse de bhearta tacaíochta isteach lena n-áirítear ráthaíocht do dhliteanais inghlactha, instealltai suntasacha caipitiúla sna bainc intíre is mó agus bunú na Gníomhaireachta Naisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS).

Léiríonn na hionchais gheilleagracha gur feidir bheith ag súil le roinnt caillteanas eile ar iasachtaí fiú amháin tar éis criostalú caillteanas nuair a déantar iasachtaí a bhaineann le forbairt taillte agus réadmhaoine a aistriú chuig an GNBS. Is léir, mar sin, go mbeidh tuilleadh instealltaí caipitiúla de dhíth ar an gcóras baincéireachta i mbliana, agus, sa mhéid is nach bhféadtar an caipiteal seo a chruinniú i margaí príobháideacha, d'fhógair an Rialtas go bhfuil sé tiomanta go leor caipitil a chur ar fáil chun a chinntiú go mbeidh na bainc caipitlithe go leordhóthanach. Brathfaidh an méid díreach de chaipiteal breise a d'fhéadfadh a bheith ar an Stát a chur ar fáil ar roinnt tosca lena n-áirítear luacháil sócmhainní an GBNS, caillteanais ionchasacha ar phunanna neamh-GBNS agus fonnmhaireacht infheisteoirí príobháideacha. Tríd is tríd, beidh tionchar dearfach ag aistriú sócmhainní i rith 2010 trí neamhchinnteacht sa mhargadh a laghdú agus trí na coinníollacha maoinithe is infheidhme d'institiúidí Éireannacha a éascú. Léiríonn na bearta a thóg an Rialtas isteach chun tacaíocht a thabhairt don chóras airgeadais an gá atá ann chun an baol go ndéanfaí dochar don bhfíorgheilleagar a íoslaghdú, trí dhálaí a chruthú a chuirfeadh ar chumas na mbanc iasachtú chuig d'iasachtaithe inchairde a leathnú, agus san am chéanna a chinntiú go bhfuil maoláin caipitiúla agus leachtachta leordhóthanacha ar fáil chun cobhsaíocht an

chóras baincéireachta a chosaint. Tá sé réamhriachtanach don téarnamh go gcinnteofar go mbeidh soláthar leordhóthanach de chistiú ar fáil d'fhiontair Éireannacha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheanmhéide agus do cheannaitheoirí féideartha tí. Tá sé tábhachtach gan ligint do lúb aiseolais dhiúltaigh teacht chun cinn idir an earnáil airgeadais agus an fíorgheilleagar trí earnáil na baincéireachta a neartú go leordhóthanach chun soláthar fónta creidmheasa a éascú. Caithfidh sé seo oibriú as láimh a chéile, áfach, le polasaithe oiriúnacha atá á nglacadh i réimsí eile, go háirithe maidir leis an airgeadas poiblí agus le hathbhunú iomaíochas, chun téarnamh atá bunaithe go daingean ar fhás a aimsiú.

Cé go bhfuil gá le dul chun cinn suntasach maidir leis an chéad dá cheist beartais chun cúlra cobhsaí a chur ar fáil d'fhás eacnamaíoch, is é an feabhsú i riocht iomaíochais na tíre an rud is tábhachtaí a chinnteoidh an bhféadfaidh an geilleagar filleadh ar fhás inbhuanaithe thar an mheántéarma. Cé go bhféadfadh gaotha suntasacha cinn séideadh in aghaidh aon téarnamh domhanda, is forbairt dhearfach í, áfach, an athphreab reatha sa thrádáil dhomhanda agus is é an rogha is fearr atá ann chun cor chun feabhais marthanach i bhfás an aschuir a bhaint amach ná leas a bhaint as an éileamh seachtrach atá ag neartú, maraon le hathbhunú muiníne go hintíre. Dá bhrí sin, tá iomaíochas réamhriachtanach le haghaidh téarnaimh. Bhí iomaíochas á chailliúint ar bhonn leanúnach i rith an chuid is mó den dara leath den tréimhse deich mbliana atá thart de réir mar a bhí praghsanna agus pá intíre á dtiomáint aníos ag éileamh láidir. Sháraigh boilsciú na hÉireann an boilsciú i limistéár an euro gach bliain, seachas bliain amháin idir 1998 agus 2007. Bhí fás na táirgeachta láidir sa chéad chuid den tréimhse deich mbliana atá thart ach thit sé siar ina dhiaidh sin, rud a d'ardaigh costais táirgeachta in Éirinn i gcoibhneas le tíortha eile.

Tharla gluaiseacht anuas i bpraghsanna in Éirinn le déanaí, i dtéarmaí absalóideacha agus i gcoibhneas leis an scéal i bhformhór na dtíortha eile. Léiríonn sé seo comhbhrú éigin i gcorrlaigh brabúis ach freisin meath i bpá ainmniúil in earnálacha éágsúla. Cuirfidh sé seo feabhas ar ár riocht iomaíochais i mbliana. Maidir le fostaithe, mhaolaigh an titim i bpraghsanna tionchar na titime i bpá ainmniúil, cé gur thit fíor-chumhacht ceannaigh in earnálacha áirithe, lena n-áirítear an earnáil phoiblí agus earnáil na seirbhísí airgeadais. Níl an scéal chomh soiléir in earnálacha éagsúla eile. Tá sé tábhachtach d'iomaíochas foriomlán an gheilleagair, áfach, go nglacfar le srianadh pá mar norm agus go gcuireann forbairtí i bpá ainmniúil san áireamh go bhfuil praghsanna tar éis titim agus go bhfuil fás na táirgeachta lag faoi láthair agus go bhfuil sé lag le tamall anuas. Chuideodh forbairt dá leithéid ní hamháin chun costais dhírigh pá ghnólachtaí san earnáil trádáilte a fheabhsú ach freisin na costais a íocann siad nuair a cheannaíonn siad earraí agus seirbhísí sa gheilleagar. Tríd an cuspóir seo a bhaint amach, cuirfear feabhas ar an bhfostaíocht reatha agus ar na hionchais do chruthú post amach anseo. lCuireann Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais in iúl freisin gur lean riarphraghsanna de bheith ag dul in airde, go bhfuil táillí gairmiúla fós an-ard in Éirinn agus go bhfuil gá le níos mó iomaíochais agus rialála i réimse earnálacha, amhail cúram sláinte, árachas sláinte, fóntais agus iompar poiblí.

Bíonn peirspictíocht staire éigin úsáideach má táthar ag déanamh measúnú ar an staid mar atá. Tá fíorchaighdeáin maireachtála sa gheilleagar ard i gcónaí de réir caighdeáin idirnaisiúnta agus i bhfad níos airde ná mar a bhí siad timpeall triocha bliain ó shoin. D'ardaigh OTN (arna coigeartú le hagaidh cumhacht ceannaigh) ó faoi bhun 70 faoin gcéad de mheán an AE sna 1980idí go dti níos mó ná 110 i mblianta an bhorrtha. Cé go bhfuil titim ghéar go leor sa táscaire seo le dhá bhliain anuas, cothromóidh sé áit éigin idir 90 agus 95 faoin gcéad de mheán an AE. Is ionann an ráta fostaíochta, an céatadán den phobal os cionn 15 bliana d'aois atá ag obair, agus 62 faoin gcéad agus tá sé seo i bhfad os cionn an ráta comhfhreagrach de 52 faoin gcéad sa bhliain 1990, d'ainneoin gur ardaigh an dífhostaíocht le déanaí. Mar a dúradh cheana, níor cuireadh na bunláidreachtaí a d'fhorbair an geilleagar le fiche bliain anuas, amhail an t-ard-leibhéal oideachais agus

solúbthacht méadaithe, ar ceal agus má roghnaítear polasaithe go cúramach agus má ghníomhaítear go diongbháilte, is féidir leis an ngeilleagar filleadh ar ráta fáis measartha a laghdóidh an dífhostaíocht agus a chuirfidh feabhas a chaighdeáin mhkaireachtála le himeacht aimsire. Ar an ócaid seo, áfach, caithfear an dul chun cinn a bhunú ar fhás tathagach i ngníomhaíochtaí atá á dtrádáil go hidirnáisiunta den chuid is mó agus atá nasctha le bunláidreachtaí an gheilleagair agus nach léiríonn, mar a tharla le tamall beag anuas, forbairtí neamhchothromaithe intíre atá leochaileach do cheartúchán tobann.